

Treoirleabhrán
d'Údaráis Áitiúla
faoi ghnáthú
na Gaeilge



An Grúpa Stiúrtha

An Roinn Comhshaoil

An Grúpa Stiúrtha



Treoirleabhrán
d'Údaráis Áitiúla
faoi ghnáthú na Gaeilge

An Roinn Comhshaoil
1995

Réamhrá

TÁ BEAGNACH deich mbliana ann ó d'fhoilsigh an Grúpa Stiúrtha a gcéad mholtáí faoi úsáid na Gaeilge in imeachtaí na n-údarás áitiúil. Sa tréimhse sin, tá dul chun cinn suntasach déanta ag údaráis chun an Ghaeilge a chothú agus chun seirbhís a sholáthar dóibh siúd ar mian leo a ngnó a dhéanamh le húdaráis i nGaeilge.

Tá na treoracha nua seo ag eascairt as an taithí a fuarthas i gcaitheamh na mblianta ó shin, agus tá go háirithe san áireamh iontu ar moladh i *Leathnú an dátheangachais i sochaí na hÉireann*, a foilsíodh sa bhliain 1993 le faomhadh ón Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta.

Mar is léir ó na treoracha nua seo, tá scóip ag na húdaráis chun úsáid na Gaeilge a mhéadú a thuilleadh ina gcuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí, agus guím gach rath orthu san iarracht sin.

Tréaslaím leis an nGrúpa Stiúrtha an doiciméad athnuachanta seo agus an dea-obair atá siad a dhéanamh ag cabhrú le na húdaráis áitiúla chun an Ghaeilge a neartú.

Brendan Howlin TD
An tAire Comhshaoil

Brollach

IS ÁBHAR sásaimh don Ghrúpa Stiúrtha é a bheith ar a gcumas ar deireadh a dtreoirlínte nua a chur ar fáil d'údaráis áitiúla agus don phobal. Sa bhliain 1986 a eisíodh moltaí an Ghrúpa don chéad uair agus, cé gur cuireadh fáilte chroíúil rompu, tuigeadh ó thús nár mhiste iad a leasú. I dtréimhse a raibh timpeallacht agus tosca ag claochlú go tiubh, ní raibh an leasú sin chomh héasca is a ceapadh i dtosach, b'fhéidir. Táim deimhnitheachanois, áfach, go bhfuil clabhsúr chomh críochnúil curtha ar an saothar, nach amháin go seasóidh sé dianscrúdú ón bpobal, ach go dtabharfaidh sé cúnamh áirithe dóibh siúd ar ina gcomhair a deineadh go príomha é.

Is i bplé laistigh den Ghrúpa, agus i ndíospóireacht le na húdaráis áitiúla, trí na teachtaí a chuir siad uathu go dtínár gcomhdhála bliantúla, a beachtaíodh ábhar agus éirim an doiciméid nua seo. Mar chathaoirleach, táim fíorbhúsóch do bhaill uile an Ghrúpa, dá raibh riagh inár dteannta, faoina mbuantairise agus faoina ndea-chomhairle, dóibh siúd go léir a bhí páirteach inár gcomhdhála bliantúla, agus d'oifigigh na Roinne Comhshaoil agus Bhord na Gaeilge a chuir eagarr agus stiúir ar ár n-iarracht. Thar aon ní eile, gabhaim buíochas leis an Aire Comhshaoil a cheadaigh go fial an doiciméad leasaithe seo a fhoilsiú.

Gabhaim buíochas, leís, le mo chomhleacaithe ionúine i Scoil an Léinn Cheiltigh, Pádraig de Brún agus Michelle O Riordan, a dhein an clóchur a mhaisiú, agus le Bill Bolger a dhein an dearadh.

Máirtín Ó Murchú
Cathaoirleach an Ghrúpa Stiúrtha

Treoir

RÉAMHRÁ	iii
BROLLACH	iv
1 Réamhaiste	1
1.1 Gnéithe staire agus eagraíochta	1
1.1.1 An Ghaeltacht	1
1.2 Socruithe chun an Ghaeilge a chaomhnú	1
1.3 An Grúpa Stiúrtha agus na hÚdaráis Áitiúla	2
1.3.1 Gnó an Ghrúpa Stiúrtha	3
1.4 An réim atá faoi mholtáí an Ghrúpa Stiúrtha	3
1.4.1 Cumarsáid i scríbhinn; nótaí ar logainmneacha	3
1.4.2 Imeachtaí na nÚdarás Áitiúil	5
1.4.3 An chumarsáid choiteann leis an bpobal	5
1.5 Feidhm na gCoistí Áitiúla Gaeilge	6
1.5.1 Ceantair Ghaeltachta	7
2 Moltaí Sonracha	8
2.1 Logainmneacha, cinn litreach, agus suaitheantaí	8
2.2 Fógraí poiblí, síneacha rabhaidh, agus síneacha rialaitheacha	9
2.3 Foirmeacha	9
2.4 An Tuarascáil Bhliantúil	10
2.5 Seirbhísí Leabharlainne	10
2.6 Na healaíona agus an oidhreacht	11
2.7 Na meáin áitiúla	12
2.8 Úsáid Gaeilge leis an bpobal	12
2.8.1 Ainmneacha pearsanta agus rogha teanga	12
2.8.2 Comhfhreagras	13
2.8.3 Gaeilge i gcomhráite agus i ndeasghnáthá	13
3 Eagar coiteann	14
3.1 Gnéithe den reachtaíocht agus den ghnáthamh	14
3.1.1 Síneacha ar ionaid spéise do thurasóirí	14
3.2 An Grúpa Stiúrtha	15
3.2.1 Baill an Ghrúpa Stiúrtha faoi láthair	15
3.2.2 Athbháill	15
3.3 Comhdhála bliantúla (seimineáir)	17
4 TAGAIRTÍ	17

1 Réamhaiste

1.1 Gnéithe staire agus eagraíochta

Ó THÚS ré na staire anuas go dtí an naoú haois déag gan briseadh, b'í an teanga Ghaeilge príomhtheanga fhormhór mhuintir na hÉireann. Is inti dá bhrí sin ará cuid thábhachtach d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann ar taifead, agus is tríthi atá mórchuid de dhinnseanchas na tíre le tuiscint. Fós féin, d'aireodh tromlach phobal na hÉireann an teanga Ghaeilge ar na tréithe is deimhnithí a dhealódh mar chine sainiúil iad.

Ina dhiaidh sin is uile, tharla ón dianastriú teanga san naoú haois déag, agus ón meath ollmhór a tháinig ar phobal Gaeilge na tuaithe, go bhfuil ceannas ag an mBéarla in Éirinn na haimsire seo. Is é an Béarla, dá dheasca sin, an chéad theanga sa rialúchán, sa riarcháin poiblí, san oideachas, sa chumarsáid fhisleathan, agus sa ghnáthshaol coitianta. Is beag duine i bpobal na haimsire seo atá gan Bhéarla, má tá aon duine. Ar an taobh eile, i *nDaondáreamh 1991* mhaígh 1,095,830 dá raibh den daonra trí bliana d'aois nó os a chionn go raibh Gaeilge acu. Ba 32.5% den iomlán é sin. B'iad na figiúirí a bhí ag freagairt dó sin sa bláthain 1981 ná 1,018,413, i.e. 31.6%, agus 789,429 sa bláthain 1971 i.e. 28.3%. Tá, dá réir sin, fianaise i bhfigiúirí an daonáirimh go bhfuil staid na Gaeilge ag neartú, ach níl aon fhianaise iontu ar dhifríochtaí cumais ná ar dhifríochtaí úsáide. Maidir leis sin de, tá faisnéis thábhachtach bhereise curtha ar fáil ag suirbhéireachtaí difriúla sóisialta. Tá léirithe ag na suirbhéireachtaí sin gur dócha go bhfuil ardchumas gníomhach Gaeilge ag tuairim is 5% den phobal; ag tuairim is 10% thairis sin tá meánchumas gníomhach agus ardchumas fulaingtheach; ag 15% thairis sin fós tá lagchumas gníomhach ach dea-chumas fulaingtheach; b'fhéidir lagchumas fulaingtheach a bheith ag 20% eile. Dhealródh ón méid sin nach mór iad na daoine, dá bhfuil ar lagchumas Gaeilge, a mhaíonn sa daonáireamh go bhfuil sí acu. Dá thoradh sin, mar thomhas coiteann ar CHUMAS Gaeilge sa phobal, ní miste iontaoibh a thabhairt le figiúirí an daonáirimh.

1.1.1 An Ghaeltacht

Ar ndóigh, ní hionann an Ghaeltacht agus an chuid eile den tír maidir le cumas ar Ghaeilge agus í labhairt. Sna ceantair Ghaeltachta tá pobail Ghaeilge tagtha slán ó chabhalaí an naoú haois déag, cé nach mór a aithint go bhfuil siad i mórchontúirt athuair ó chlaochluithe eacnamúla na haimsire seo. Sa bláthain 1989, b'í lón iomlán an phobail sna ceantair oifigiúla Gaeltachta 83,268, agus den mhéid sin tuairiscíodh 56,469, i.e. 71.0% dá raibh trí bliana d'aois nó os a chionn, a bheith ina gcainteoír Gaeilge.

1.2 Socrutithe chun an Ghaeilge a chaomhnú

AR NA cùiseanna a spreag an feachtas as ar bunaíodh stát neamhspleách in Éirinn sa bháil 1922, bhí an tóir ar an gcumhacht a tuigeadh a beith riachtanach chun sainiúlacht chultúrtha agus teanga mhuintir na hÉireann a chothú. Ba chuid lárnach í an Ghaeilge den chuspóir sin, agus i *mBunreacht Shaorstáit Éireann 1922*, dearbhailear in Airteagal 4 gurb í 'an Ghaedhilg teanga náisiúnta Shaorstáit Éireann', ach aithnítear an Béarla mar an gcéanna mar theanga oifigiúil. Níl brí bheacht leis an dearbhú seo

sa mhéid nach ionann ciall don dá théarma 'náisiúnta' agus 'oifigiúil'. Tá an mháchail sin ceartaithe i *mBunreacht na hÉireann* 1937, Airteagal 8, mar a bhfuil an dearbhú faoi theanga i bhfriotal léir beacht:

1. *Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.*
2. *Glahtar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.*

Ní miste a aithint go bhfuil an dá bhunreacht ar aon intinn sa mhéid go n-ordaíonn siad stát dátheangach a mbeadh ardghradam ag an nGaeilge ann. Níl lua in aon bhunreacht díobh ar na mionghnáis teanga ba chóir a bheith i bhfeidhm, ach ní gnó do bhunreacht a leithéid de mhionchruinneas. Ar aon chuma, b'fhada fós go mbeadh trácht ar an mbeachtú a dhéanfadh an tsochatheangeolaíocht nua ar phobail ilteangacha a rangú agus a thuarascáil. I dtús báire, ba leor an ardaidhm agus an díograis chun a dheimhniú go dtosófaí ar na socruite cuí: cuireadh an Ghaeilge á múineadh tríd an gcorás scolaíochta, ar an mbunleibhéal agus ar an meánleibhéal; ba ghá cumas Gaeilge chun fostáiochta sa Seirbhís Phoiblí; bunaíodh gnás poiblí dátheangach i bhfoirmearcha, i gcomharthaí, agus i bhfógraí. Ach le himeacht aimsire, de réir mar a chuaigh an chéad fhloisc i ndísc, aithníodh go mór go mba ghá bonn dearfa a chur faoi pholasaí dátheangachais an Stáit, má bhí an cuspóir le hathnuachan agus le síorchinntíú cibé claochluithe sóisialta ná eacnam-aiochta a bheadh i ndán. Dá thoradh sin a bunaíodh *An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge* sa bhliain 1958, ar foilsíodh tuarascáil uathu sa bhliain 1963; sa bhliain 1969 a ceapadh *Comhairle na Gaeilge* chun treoir a dhéanamh don Rialtas faoi pholasaí Gaeilge agus, idir 1971 agus 1974, d'fhoilsigh an Chomhairle leabhráin pholasaí a raibh stiúir mhaith sochatheangeolaíochta fúthu; sa bhliain 1975 cuireadh túis neamhfhoirmiúil le *Bord na Gaeilge*, agus sa bhliain 1978 bunaíodh ó reacht é (*An tAcht um Bord na Gaeilge, 1978*), chun gníomhú go hoifigiúil thar ceann an Stáit ag neartú leis an teanga Ghaeilge agus ag comhairliú an Rialtais ina taobh:

Beidh d'fheidhmeanna ginearálta ag an mBord . . . bearta agus nósanna imeachta a bhaineann leis an nGaeilge a fhorbairt, a chomhordú agus a mheas agus cúnamb a thabhairt ina leith (Alt 3.3).

1.3 An Grúpa Stiúrtha agus na hÚdaráis Áitiúla

TAR ÉIS do Bhord na Gaeilge an cás a tharraingt chuige, bhunaigh an tAire Comhshaoil an *Grúpa Stiúrtha* sa bhliain 1979, faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, chun comhairle agus treoir a chur ar na hÚdaráis Áitiúla agus polasaí cinntithe i leith na Gaeilge á athbhunú acu. Ina dhiaidh sin, chinn an tAire gur gnó fadtéarmach a bheadh le déanamh ag an nGrúpa, agus sa bhliain 1994 socraíodh breis maoine agus tacáiochta a bheith ar fáil dóibh chun go gcuirfí lena n-éifeacht.

1.3.1 Gnó an Ghrúpa Stiúrtha

Is é gnó an Ghrúpa Stiúrtha:

- A bheith i gcaidreamh le na Coistí GAEILGE áitiúla i dtaobh gach gné den pholasáí poiblí faoin nGaeilge. Chun treisiú leis an aidhm sin ainmneofar ball den Ghrúpa ina Oifigeach Caidrimh.
- A dheimhniú go dtabharfaí treoir do na Coistí áitiúla Gaeilge ar scríobh na Gaeilge, ar théarmafocht, ar aistriúchán 7rl. B'ail leis an nGrúpa go mbeadh ar a laghad an caighdeán gramadúlachta agus litearthachta a d'éileofaí don Bhéarla á chleachtadh mar an gcéanna i nGaeilge in aon bhuanscríbhinn nó in aon bhuantéacs a thiocfadh ó aon údaráis phoiblí.
- A shocrú go mbeadh faisnéis faoi imeachtaí Gaeilge á craobhscaoileadh, a dheimhniú chomh fada is a b'fhéidir go mbeadh ionannas idir údaráis sa Ghaeilge a chur chun cinn, agus cabhrú le polasaithe nua is le machnamh nua a chothú.

1.4 An réim atá faoi mholtáí an Ghrúpa Stiúrtha

AGUS AN DUALGAS a chuir an tAire orthu á chomhlíonadh ag an nGrúpa Stiúrtha, ní foláir dóibh díriú go háirithe ar na gnéithe is tathagaí de chumarsáid na nÚdarás Áitiúil, agus i gcoitinne is le na réimsí seo a leanas a bhaineann a gcuid moltaí:

1.4.1 Cumarsáid i scríbhinn; nótaí ar logainmneacha

Is í tuairim mheáite an Ghrúpa Stiúrtha gur cóir gach sín phoiblí, gach fógra, agus gach foirm a eisíonn Údaráis Áitiúla a bheith faoi eager slachtmhar dea-dheارtha DÁ-THEANGACH, agus an cúram céanna á dhéanamh de Ghaeilge is a dhéanfaí de Bhéarla ann. Is ceart é a bheith á léiriú i ngach sampla díobh go mbaineann an Ghaeilge, chomh maith leis an mBéarla, lenár ngnáthamh poiblí urlabhra, go n-aithnítear ardchaighdeáin in úsáid na Gaeilge mar a aithnítear in úsáid an Bhéarla, agus go speisialta go ndéantar cúram de logainmneacha traidisiúnta Gaeilge a litriú le cruinneas de réir an chaighdeáin oifigiúil.

Tá sé thar a bheith tábhachtach, mar neartú ar ár dteanntás as ár n-oidhreacht shainiúil, go léireofaí meas agus tuiscint ar logainmneacha atá préamhaithe inár ndúchas gaelach.

NÓTA FAOI NA LOGAINMNEACHA DÚCHASÍ

Tharlódh do logainmneacha a bheith ina n-ábhar mórmórtais i gceantar, agus molann an Grúpa go dtabharfaí aitheantas dó sin sa ghnáthamh poiblí, go háirithe i gcásanna a mbeadh níos mó ná leagan traidisiúnta amháin ag logainm. Mar shampla, is logainm ilfhoclach *Aonach Urmhumhan* a bhfuil gradam sinsearachta ag baint leis, agus cuireann sé diomú ar a lán daoine an fhoirm shimplí *An tAonach* a bheith in úsáid go hoifigiúil ina ionad. Ach níor leasc le file san seachtú haois déag úsáid a bhaint as foirm ba shimplí fós, *Aonach*, ag cur síos dó ar chaithréim Eoghain Rua Uí Néill: *do bhain sé giodar as Biorra is as Aonach*. Bíonn foirmeacha simplí, mar *An tAonach* nó *Aonach*, ar fáil coitianta i ngnás

traidisiúnta na Gaeilge, agus is ar na foirmeacha simplí sin a bhíonn na leaganacha Béarla bunaithe de ghnáth, faoi mar atá an fhoirm *Nenagh* sa chás seo.

I gcás roinnt áirithe logainmneacha, ní mór trí cinn de leaganacha a aithint i ngnás na Gaeilge:

- **Leagan feidhmiúil simplí**

Ainmfhocal aonair a bhíonn sa leagan feidhmiúil simplí, e.g. *Aonach*, *Caiseal*, *Corcaigh*, *Doire*; nó is féidir an t-alt a bheith roimh an ainmfhocal ann, e.g. *An tAonach*, *An Chathair*, *An Gort*, *An Ros*. Nuair a bhíonn leaganacha simplí mar sin ann, is iad de ghnáth atá molta le haghaidh gnáthúsáide ag an Suirbhéireacht Ordanáis (feic *Gasaitéar na hÉireann*, 1989), agus atá in úsáid ar shíneacha bóthair 7rl. Mar a míniódh roimhe seo, is fada bunaithe iad i dtraigisiún na Gaeilge; tá i *gCaiseal*, go *Caiseal*, i *dtimcheall Caisil* ar fáil ó Ghofraídh Fionn Ó Dálaigh (†1387), mar shampla.

- **Leagan sainiuil**

Déanann an leagan sainiuil áit amháin ar leith a dhealú ó gach áit eile a mbeadh an bunfhocal céanna á ainmniú: *Corcaigh Mhór Mumhan*, *Caiseal Mumhan*, *Cathair Dhúin Iascaigh*, *Doire Cholm Cille*, *Gort Inse Guaire*, *Ros Eo*. I ngach cás thíobh seo tá áit ar leith á ainmniú: *Corcaigh* ar leith (dhá cheann sa *Ghasaitéar*), *Caiseal* ar leith (cúig cinn sa *Ghasaitéar*), *Cathair* ar leith (trí cinn déag sa *Ghasaitéar*), *Gort* ar leith (ceithre cinn déag sa *Ghasaitéar*), *Doire* ar leith (dhá cheann fhichead sa *Ghasaitéar*), *Ros* ar leith (naoi gcinn fhichead sa *Ghasaitéar*), agus mar sin de.

- **Leagan reitriúil nó fileata**

Ag logainmneacha áirithe tá leagan ilfhoclach, ar féidir leagan fileata nó leagan reitriúil a thabhairt air, aitheanta i dtraigisiún litríochta na Gaeilge, e.g. *Corcaigh na gCuan* nó *Corcaigh na Long*, *Caiseal na Rí* nó *Caiseal na Slua* 7rl. Níl leagan den chineál seo go haitheanta ach ag beagán logainmneacha.

Aon leagan feidhmiúil amháin atá ag an gcuid is mó de logainmneacha na tíre. Is féidir don leagan sin a bheith simplí, e.g. *Beantrá*, *Biorra*, *Ceatharlach*, *Luimneach*, *Mala*, *Sligeach* 7rl, nó is féidir dó a bheag nó a mhór ilfhoclach, e.g. *Béal Átha na Sluaighe*, *Cill Chainnigh*, *Dún na nGall*, *Loch Garman*, *An Sciobairín*, *Trá Lí* 7rl. Bídís simplí nó ilfhoclach, is leagan aonaránach feidhmiúil gach leagan thíobh sin agus níl deacracht dá réir sin ann. Ach nuair a bhíonn dhá leagan nó trí ag logainm, is é moladh an Ghrúpa Stiúrtha nach miste a cheadú go mbeadh aitheantas poiblí á thabhairt dóibh ar fad de réir gnáis. Mar shampla:

- Is é an leagan simplí feidhmiúil (e.g. *Caiseal*), agus é ar ionannas ionramhála leis an leagan aitheanta Béarla, is ceart fós a bheith in úsáid ar shíneacha bóthair, i gcinn litreach, i bhfógraí 7rl.
- Níor mhiste an leagan sainiuil (e.g. *Caiseal Mumhan*) a bheith in úsáid ar shíneacha greanta, mar shampla ar na príomhbhóithre isteach go baile 7rl.

- Níor mhiste an leagan fileata (e.g. *Caiseal na Rí*) a bheith in úsáid ar shuaitheantais, ar bhratacha 7rl.

NÓTA FAOI LOGAINMNEACHA NUÁ

Nuair atá logainmneacha nua le ceapadh, e.g. i gceantair nua cathrach, molann an Grúpa breithniú ar *Na leaganacha Gaeilge d'ainmneacha sráideanna, bóithre agus eastát: treoir-línte* (1992) a d'fhoilsigh an Coimisiún Logainmneacha, ar chuir Liam Mac Mathúna a phrísomhéirim i láthair chomhdháil an Ghrúpa sa bhliain 1989 i nGaoth Dobhair, agus a d'fhoilsigh sé ina dhiaidh sin faoin teideal *Ár dtimpeallacht logainmneacha inniu agus amárach* (Coiscéim 1990). Foilseachán tábhachtach eile ón gCoimisiún Logainmneacha is ea *Logainmneacha na hÉireann sa triú mílaois* (1992). Cloíonn na foilseacháin sin don chuid is mó le prionsabail ghinearálta, ach is ceart a athint go raibh treoir faoina leithéidí de phrionsabail a fheidmiú curtha ar fáil do na hÚdarás in imlitir F.2/86 a d'eisigh an Roinn Comhshaoil ar an 3 Feabhra 1986, agus ar cuireadh léi i gciorclán a d'eisigh Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis ar an 23 Deireadh Fómhair 1986. Tá na cáipéisí sin i gcloí arís i *Na leaganacha Gaeilge d'ainmneacha sráideanna, bóithre agus eastát: treoir-línte* (1992) 13–16; agus feic § 2.1 thíos.

1.4.2 Imeachtaí na nÚdarás Áitiúil

Molann an Grúpa Stiúrtha go mbeadh na hÚdarás Áitiúla de shíor ag dréim lena chur i dtuiscint dá mbaill tofa, agus dá bhfoirne, go ndéanfar go cinnte tacú agus misniú leo siúd atá ábalta agus toilteanach Gaeilge a úsáid, cibé gné de ghnóthaí na nÚdarás a bhíonn sa treis. Is léir nach féidir treoir chomh deimhnitheach a thabhairt faoin aidhm seo agus is féidir sna moltaí foirmiúla atá á ndéanamh faoin úsáid dhátheangach i bhfoirmeacha, i bhfógraí buana, i síneacha 7rl (§§ 2.1–2.3 thíos). Bíonn an-chuid ag braith ar chumas agus ar dhíograis an duine aonair, agus ar an meon a léiríonn teachtaí ceannasacha poiblí, ach tá a gcoistí féin bunaithe ag an bhformhór d'Údarás anois chun comhairle a thabhairt faoi na slite ar fearr freastal ar riachtanais teanga. Tá a gcuid treoir-línte féin ceaptha ag roinnt mhaith díobh, de réir an chuspóra a bhí ag céad *Mholtaí* an Ghrúpa Stiúrtha (1986). Cibé scéimeanna a chuirtear ar bun, is í an aidhm bhunaidh go léireofaí in imeachtaí na nÚdarás, ní hamháin gur tréith nádúrtha coitianta i bpobail é an dátheangachas, ach gur polasaí poiblí in Éirinn é an dátheangachas Gaeilge–Béarla a chothú.

1.4.3 An chumarsáid choiteann leis an bpobal

Ar deireadh thall, molann an Grúpa Stiúrtha go ndéanfadh na hÚdarás dícheall ar a bheith i riocht cumarsáid i scríbhinn nó ó bhéal a dhéanamh mar an gcéanna i nGaeilge nó i mBéarla leis an bpobal. Ní hé go mbeadh an méid sin éasca i gcónai a chinntiú, cheal an duine ceart a bheith san ionad ceart ag an am ceart, ach tá coinne ag an nGrúpa go mbeadh na hÚdarás Áitiúla go dícheallach ag iarraidh gníomhú de réir mar a moladh i *Leathnú an dátheangachais i sochá na hÉireann: treoir-línte don earnáil phoiblí do chláracha gníomhaiochta* (Bord na Gaeilge [1993]: 2):

... go bhféachfaí chuige mar thús go mbeadh oifigeach amháin ar a laghad le hard-chumas dátheangach ar fáil i ngach oifig stáit le seirbhís a thairiscint don phobal agus go gcuirfi in iúl go soleáir cé hé/htí, cá bhfuil fáil air/uirthi, agus céard iad na seirbhísí atá ar fáil. . . .

Airíonn an Grúpa gurb é an príomhchuspóir ná a chur in iúl chomh fada agus is féidir do bhaill an phobail nach miste dóibh, gan míbhuntáiste ná trí chéile, rogha a dhéanamh den Ghaeilge ar an mBéarla agus iad ag déileáil leis an Údarás. Chun cur leis an gcuspóir sin tá OIFIGEACH GAEILGE agus COISTÉ GAEILGE ceaptha ag an bhformhór d'Údaráis. (Maidir le dualgais teileafónaithe/fáilteoirí, feic § 2.8.3 thíos.)

1.5 Feidhm na gCoistí Áitiúla Gaeilge

Is é PRÍOMHFHEIDHM na gCoistí Gaeilge áitiúla, más ea, cabhrú le na hÚdaráis chun friotháil chuí a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge. Feidhm leanúnach atá i gceist, agus molann an Grúpa go mbeadh Coiste Gaeilge chomh gníomhach is a cheadódh acmhainní ar bun ag gach Údarás, agus go mbeadh idir chomhairleoírí agus foireann rannpháirteach ann. Mholfadh an Grúpa go mbeadh de stádas ag an gCoiste Áitiúil laistigh den Údarás go mbeadh teacht acu ar gach faisnéis riachtanach agus go bhfaighidís éisteacht ar aon mholtaí réasúnta a dhéanfaidís. Go háirithe, is é feidhm an Choiste Áitiúil:

- le faomhadh ón Údarás, agus i gcomhairle leis an mbainistíocht, stiúir agus spreagadh a thabhairt do pholasáí éifeachtúil Gaeilge a chur i gcrích
- a bheith i gcaidreamh rialta leis an nGrúpa Stiúrtha faoi ghnóthaí uile na Gaeilge
- aon socrutithe breise a dhéanfadh leas na Gaeilge, agus a d'oirfeadh do chás an Údaráis ar leith, a aithint agus a áiteamh
- scéimeanna a cheapadh agus a mholadh chun cabhrú le baill fairne ar mhaith leo feabhas a chur ar a gcumas Gaeilge
- féachaint lena dheimhniú go n-aithneodh an pobal i gcoitinne an tacaíocht atá an tÚdarás sásta a thabhairt don Ghaeilge

Níl ach ardmheas agus ardmholadh ag an Aire Comhshaoil agus ag an nGrúpa Stiúrtha ar an díograis dhiongbháilte atá léirithe ag baill tofa agus ag fairne na nÚdarás Áitiúil, sa mhéid go bhfuil OIFIGIGH GHAEILGE ceaptha acu agus COISTÍ GAEILGE ar bun, agus go bhfuil tacaíocht léirithe thairis sin acu do pholasaithe Gaeilge. Go speisialta, níl aon amhras ar an nGrúpa Stiúrtha ach go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag ath-bheachtú na gcleachtas dátheangach ba chuí d'Údaráis Áitiúla a chur i ngníomh: tá dearaí nua dátheangacha de shíneacha bóthair aontaithe agus de réir a chéile á suíomh; tá raon d'fhoirmeacha nua dátheangacha á dtabhairt isteach; tá foirmle i gcomhair clár-uimhreacha carranna, a bhfuil aitheantas cuí ar Ghaeilge inti, i bhfeidhm ag an Aire Comhshaoil agus, ina dhiайдh sin, tá ceadúnas tiomána a bhfuil cló nua-aimseartha il-teangach air seolta; tá na hÚdaráis Áitiúla tosaithe ar a ngnáis fén faoi chinn litreach, faoi fhógraí 7rl le linn do thimpeallacht dhátheangach a bheith á cothú acu.

1.5.1 Ceantair Ghaeltachta

Thairis sin, molann an Grúpa d'Údarás a bhfuil réigiún den Ghaeltacht faoina réir go ndéanfaidís sáriarracht ar Choistí Gaeilge a choimeád go gníomhach ar bun, agus é a threorú go speisialta dóibh a dheimhniú go bhfuil lánaitheantas á thabhairt do stádas na Gaeilge in imeachtaí uile na nÚdarás.

2 Moltaí Sonracha

Mar atá faofa i gcomhdhála bliantúla an Ghrúpa Stiúrtha

2.1 Logainmneacha, cinn litreach, agus suaitheantaí

I SÍNEACHA BÓTHAIR (SÍNEACHA TREOCHA, SÍNEACHA FAISNÉISE) AGUS I BHFÓGRAÍ POIBLÍ EILE IS CÓIR AN LEAGAN GAEILGE DE LOGAINMNEACHA A BHEITH AR TAISPEÁINT I NDEARADH A LÉIREOIDH MEAS AGUS TUISCINT AR ÁR NDÚCHAS GAEILGE.

Tá plé ar na logainmneacha sinseartha Gaeilge in § 1.4.1 thusas. Dearbhaíonn *An tAcht Logainmneacha (Fairmeacha Gaeilge), 1973* gur ar chomhairle Choimisiún na Logainmneacha atá na leaganacha dlithiúla Gaeilge de logainmneacha le deimhniú. Maidir le gnáis na haimsire seo faoi dhearadh agus faoi thaispeáint logainmneacha i síneacha tráchta 7rl, ba chóir ciorclán TC3/94, ‘Úsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchta’, ón Roinn Comhshaoil a cheadú; tá treoracha an chiorcláin seo ag teacht go cruinn le machnamh an Ghrúpa Stiúrtha.

Nuair a mhol an Grúpa Stiúrtha i *Moltaí* (1986) na síneacha a bhí suite go nua san am, is é a bhí i gceist acu an dearadh ina raibh an Ghaeilge i gcló rómhánach agus an Béalra i mbloclitreacha, ar dhromchla uaine ar na príomhbhóithre. Ina dhiaidh sin athraíodh an dearadh sin go dearadh ina raibh an Ghaeilge i litreacha claonta agus an Béalra fós i mbloclitreacha, ar dhromchla ghealuaine ar na príomhbhóithre. Phléigh an Grúpa an dara dearadh seo leis an rannóg chuí sa Roinn Comhshaoil, dheimhnigh nach mbeadh an claoadh ar na litreacha Gaeilge ann níos géire ná 15° ón ingear. Leis sin, mhol an Grúpa an dearadh leasaithe sin do na teachtaí ag comhdháil (seimineár) 1988, mar ar tugadh aontú lena úsáid tríd an tír.

Is cóir go ndéileálfai le logainmneacha Gaeilge, agus go gcloífí le pátrún dátheangach, i síneacha a bhaineann le séadchomharthaí náisiúnta, le háiteanna a mbeadh suimiúlacht staire nó radharc tíre iontu, nó le haon ghné eile den tionscal oidhreachta nó turasóireachta a bhfuil airgead poiblí á chaitheamh léi, díreach ar aon dul le na gnáis a leantar i ghnáthshíneacha bóthair. Tá an Grúpa Stiúrtha, agus na teachtaí a bhí i láthair ag comhdháil na bliana 1991, tar éis a aontú gur síneacha tábhachtacha poiblí iad na fógraí a suíodh ar na teorainneacha idir réigiúin turasóireachta, nach síneacha fógraíochta ná poiblíochta iad, agus gur cóir dá bhrí sin go leanfaí iontu den ghnás dátheangach a bhaineann le haon síneacha poiblí ná fógraf poiblí eile. Tar éis dóibh bualadh le toscaireacht ón nGrúpa Stiúrtha, tá curtha in iúl ag Bord Fáilte go bhfuil glactha acu anois leis an ndearcadh sin (agus feic § 3.1.1 thíos).

Maidir le na fairmeacha Gaeilge d'ainmneacha sráideanna, d'ainmneacha ar eastaít titheochta 7rl, feic § 1.4.1 thusas. Ina theannta sin, dhíreodh an Grúpa aire na nÚdarás ar an moladh seo leanas i gciorclán F.2/86 ón Roinn Comhshaoil, ‘Aimniú sráideanna agus bóithre, uimhriú tithe agus úsáid na Gaeilge’:

Iarrtar ar údarás áitiúla leagan amach dátheangach a úsáid le haghaidh ainmhlátaí bóithre i scéim-eanna nua titheochta agus nuair atá ainmhlátaí nua á gcur suas in áit seanchinn, más i mBéalra amháin atá siad faoi láthair. Ba chóir logainmneacha áitiúla a úsáid in ionad logainmneacha nach mbaineann leis an gceantar, nuair atá ainmneacha á roghnú le haghaidh scéimeanna nua titheochta. Dá ndéanfadh údarás amhlaidh, bheadh siad ag cuidiú le caomhnú logainmneacha stairiúla.

IS CÓIR LÁNAITHEANTAS A THABHAIRT DON GHAEILGE I GCINN LITREACH. IS CEART AGUS IS INMHOLTA GO MBEADHAINM AGUS SEOLADH AN ÚDARÁIS Á LÉIRIÚ GO DÁTHEANGACH AGUS I NDEARADH TAITNEAMHACH.

Aithníonn an Grúpa Stiúrtha go bhfuil ardchaighdeáin bainte amach go forleathan sa réimse seo cheana féin. Níl le moladh ag an nGrúpa ach go gcloífí go dícheallach leo.

IS CÓIR, MÁS FÉIDIR, SCRÍBHINN GHAEILGE A BHEITH I SUAITHEANTAIS AGUS, MÁ TÁ AR INTINN IAD A BHEITH IN ÚSÁID CHOITEANN, IS CÓIR GO GCUIMHNEOFÁÍ AR LÓGÓNNA A BHUNÚ AR MHANAÍ GAEILGE.

2.2 Fógraí poiblí, síneacha rabhaidh, agus síneacha rialaitheacha

TÁ AONTAITHE go gcuirfeadh Údaráis rompu a shocrú go mbeadh dearadh taitneamhach dátheangach ar na nithe seo a leanas:

- TREORACHA AGUS FÓGRAÍ in ionaid fáilte agus i seomraí Comhairle
- FÓGRAÍ i gcarrchlóis agus i gconláistí poiblí eile
- SCRÍBHINNÍ ar fhearas an Údaráis
- SÍNEACHA RABHAIDH AGUS TREORACH ar bhóithre
Feic ciorclán TC3/94 ón Roinn Comhshaoil.
- SÍNEACHA SEALADACHA BÓTHAIR, e.g. síneacha faoi dhíshlite
Feic ciorclán TC3/94 ón Roinn Comhshaoil.
- AINMNEACHA NA NÚDARÁS ar fhógraí faoi thionscnaimh atá á maoliniú ag Aontacht na hEorpa
Feic ciorclán TC3/94 ón Roinn Comhshaoil.
- AINMNEACHA NA NÚDARÁS i bhfógraí nuachtáin, i bhfoilseacháin, ar sheiceanna 7rl
- CLÁRACHA OIBRE le haghaidh cruinnithe Comhairle
- SCRÍBHINNÍ, TREORACHA, FOIRMEACHA, CÁRTAÍ i seirbhísí na Leabharlann Poiblí
Feic § 2.5 thíos.

2.3 Foirmeacha

TUGANN AN Grúpa Stiúrtha lántacaíocht don pholasáí a dearbhaíodh i *Leathnú an dátheangachais i sochaí na hÉireann* (Bord na Gaeilge [1993]: 3) ‘go mbeadh foirmeacha a bhíonn in úsáid ag an bpobal go hiomlán dátheangach’. Le cruinneas, is é atá á mholadh ag an nGrúpa go mbeadh foirmeacha atá in úsáid leanúnach ag an bpobal ar fáil i ndearadh dlútheagair dátheangach, i.e. go mbeadh gach íteam ann féin dátheangach, Gaeilge agus Béarla idirdhealaithe i gcló ann agus, cibé faoi thuise cló, an dá theanga a bheith chomh hinléite céanna. Sna tosca atá ann, agus líon is dearadh foirmeacha ag síorathrú, creideann an Grúpa nach tairbheach dréim le liosta beacht a dhéanamh sa leabhrán seo de na foirmeacha ba chóir go speisialta a bheith dátheangach. Is é an prionsabal bunaidh, áfach, gur ceart aon fhoirm atá in úsáid ag cuid mhór den phobal, e.g. *Clár na dtoghthóirt: iarratas le haghaidh cláirí*, a bheith ar fáil i gcrónaí i gcruth ealaíonta dátheangach.

Aithníonn an Grúpa go mbaineann an prionsabal tábháchtach seo chomh maith céanna le na foirmeacha a chuireann an Roinn Comhshaoil féin ar fáil go lárnach is a bhaineann le foirmeacha a chuireann na hÚdaráis ar leith ar fáil go háitiúil. Maidir le na foirmeacha deiridh seo, tuigeann an Grúpa go bhfuil cion suaithinseach déanta ag

Údaráis áirithe ar fhoirmeacha dáttheangacha a dhearadh agus iad a chur á n-úsáid. Sa túis atá déanta ag na hÚdaráis sin tá dea-eiseamláir tugtha do chách eile acu.

Iarrann an Grúpa ar na hÚdaráis a dheimhniú go gcloíftí le hardchaighdeán litear-thachta i nGaeilge sna foirmeacha dáttheangacha úd a bheidh á gcur ar fáil acu. Níor cheart glacadh le buille faoi thuairim, díreach chun cúis a dhéanamh.

2.4 An Tuarascáil Bhliantúil

DE RÉIR § 50 den *Acht um Rialtas Áitiúil* (1991), ní mór d'Údaráis Áitiúla tuarascáil ar a gcuid imeachtaí a fhoilsíú go bliantúil. Is foinse thábhachtach faisnéise í an tuarascáil bhliantúil sin, agus is bealach éifeachtach cumarsáide leis an bpobal í. Maidir le Gaeilge de, bíonn deis ag an Údarás Áitiúil inti chun cuntas a thabhairt go poiblí ar pholasaithe agus ar a bhfuil i gcrích, agus chun dearbhú a dhéanamh ar an tacáfocht atá á tabhairt don oidhreacht Ghaeilge agus don chultúr Gaelach.

I mí Meán Fómhair 1994, d'eisigh an Grúpa Stiúrtha treoracha mar a leanas faoin ngné seo na Gaeilge de thuarascála bliantúla na nÚdarás Áitiúil.

1. Faisnéis a b'fhéidir a chur sa tuarascáil:

- Ráiteas comair ar pholasai teanga
- Ballraíocht an Choiste Ghaeilge Áitiúil
- Clár gníomhaíochta an Choiste Áitiúil agus cuntas gairid ar ar cuireadh i gcrích i gcaitheamh na bliana
- Tagairt shonrach a dhéanamh do chúrsaí na Gaeilge faoi na ranna cuí, e.g. Ealaíona, Seirbhísí Leabharlainne 7rl

2. Úsáid na Gaeilge:

- Dearadh dáttheangach a bheith ar an gclúdach
- Caipisiún dháttheangacha a chur le grianghrafanna
- Síneacha dáttheangacha a léiriú go fóllasach i ngrianghrafanna
- Na teidil ranna agus an t-innács a bheith dáttheangach
- Roinnt Gaeilge a úsáid sa réamhrá agus, oiread is féidir, i ranna eile
- Gan an Ghaeilge a bheith á teorannú le hábhair chultúrtha amháin, e.g. le hEalaíona, Seirbhísí Leabharlainne 7rl; mar shampla, níor mhiste cuntas achomair a thabhairt i nGaeilge ar phríomhéisí na tuarascála

2.5 Seirbhísí Leabharlainne

Is féidir do sheirbhís na leabharlann poiblí cur go mór le sofheisceantacht na Gaeilge:

- Moltar go mbeadh, oiread a b'fhéidir, dearadh ealaíonta dáttheangach ar shíneacha agus ar threoracha seasta; agus go mbeadh cártáí ballraíochta, foirmeacha admhála, nótaí meabhrúcháin 7rl, dáttheangach mar an gcéanna.
- Sa mhéid go bhfuil leabharlanna ag dul le ríomhaireacht, agus gur ó ríomhairí a phriontáltaí foirmeacha admhála, fógraí, nó aon treorú eile don phobal, ba mhian

leis an nGrúpa go ndéanfaí iarracht ó thús ar bhogearraí a chóiriú le freastal go críochnúil ar ghnáis na Gaeilge scríofa maidir le sínte fada, le rialacha cuí fleiscínithe, le deighilt focal 7rl, agus go mbeadh leagan amach dátheangach ar gach riomhphrionta a bheadh in úsáid go seasta.

- Tá sé de ghnás ag leabharlanna poiblí stoc a choimeád d'fhoirmeacha Stáit agus de bhileoga faisinéise. Moltar dá réir sin go ndéanfadh seirbhísí leabharlainne gach dícheall ar a dheimhniú go mbeadh leaganacha Gaeilge de na cáipéisí sin ar fáil i gcónaí uathu, agus go n-iarrfaidís go gcuircí leaganacha dátheangacha á ndéanamh d'aon chápéisí d'sobh a mbraithfidís éileamh cuíosach ard a bheith orthu.

Is í an taithí atá ag leabharlanna áirithe go mbaineann léitheoirí an leas is fearr as leabhair Ghaeilge nuair a choimeádtar an stoc ar sheilpeanna ar leith, ach iad a bheith aicmithe de réir an ghnáis a bhíonn in úsáid sa leabharlann i gcoitinne. Molann an Grúpa go gcuimhneodh gach leabharlann ar a leithéid sin d'eagrúchán.

Ina choinne sin, is dealraitheach gur fearr an aird a thugtar ar leabhair i nGaeilge do leanaí nuair a choimeádtar iad i dteannta leabhar Béarla i GCÚILÍN NA BPÁISTÍ.

Mar an gcéanna, is dealraitheach gur tairbhí irisí Gaeilge a chur ar taispeáint i RANNÓG NA NIRISI i gcoitinne.

Aithníonn an Grúpa Stiúrtha go bhfuil an mhargaíocht a dhéantar ar leabhair Ghaeilge easnamhach agus nach mbíonn eolas ar fáil go héasca ag leabharlanna ar fhoilseacháin nua. Molann an Grúpa, dá bhrí sin, go socródh leabharlanna go mbeidís ar an liosta dáileacháin don bhullaitín eolais *An Léitheoir* a chuireann Bord na Gaeilge amach gach ráithe agus a dháiltear saor in aisce. Tá comhairle ar fhoilseacháin Ghaeilge ar fáil chomh maith ó *Ais*, gníomhaireacht atá ag Bord na Gaeilge chun leabhair Ghaeilge a dháileamh.

Mar fhocal scoir, i gcás go mbíonn cláracha oideachais, comórtais litríochta 7rl, á n-eagrú ag leabharlanna, ba mhaith leis an nGrúpa go dtabharfaí aitheantas cuí iontu don oidhreacht Ghaelach agus, aon uair a b'fhéidir, go gcuircí imeachtaí speisialta Gaeilge ar siúl. Mar an gcéanna, i gcás go mbíonn seirbhísí speisialta nó cláracha speisialta á n-eagrú ag leabharlann phoiblí do scoileanna, molann an Grúpa go dtabharfaí aird ar leith ar riachtanais aon scoileanna lánghaelacha atá sa cheantar.

2.6 Na healaíona agus an oidhreacht

MOLANN an Grúpa Stiúrtha go dtabharfadhbh Údaráis Áitiúla, agus iad ag tacú le tionscal na hoidhreachta, meabhair ar leith do stádas stairiúil agus do stádas comhaimseartha na Gaeilge, faoi mar a luaitear i *Leathnú an dátheangachais i socháí na hÉireann* (Bord na Gaeilge [1993]: 4):

Tá sé tábhachtach . . . go mbeadh ionad cuí ag an nGaeilge sna hionaid agus sna tionscnaimh ina mbíonn ár n-oidhreacht agus ár gcultúr á léiriú agus á gceiliúradh.

Cé nach raibh cumas Gaeilge ach ina cháilíocht roghnach go dtí seo, agus Oifigigh Ealaíon á gceapadh, agus nach mór d'Údaráis friotháil ar a gcúram mar is tairbhí leo

féin é, creideann an Grúpa Stiúrtha go mba chóir go mba chuid bhunaidh de dhualgas an Oifigigh Ealaíon a bheith lántuisceanach ar thábhacht na hoidhreachta Gaelaí, mar acmhainn chultúrtha agus mar thraidiúin beo in éineacht.

2.7 Na meáin áitiúla

B'É BA CHÓRA go dtabharfadhl na meáin áitiúla an phoiblíocht chéanna do chomhairleoírí agus d'oifigigh a úsáidfeadh Gaeilge i ndíospóireachtaí Comhairle, nó i ngnóthaí eile Údaráis, agus a thabharfaidís dóibh dá mba Bhéarla a bheadh úsáidte acu.

Ba mhaith leis an nGrúpa dá bhrí sin go gceapfadhl na meáin áitiúla cleachtas ion-taofa chun ráitis a dhéanfaí ar túis i nGaeilge a thuairisciú. Ach an dea-thoil a bheith ag gach taobh, d'fhéadfaí socrutithe sásúla a réiteach idir Coistí Gaeilge na nÚdarás Áitiúil agus foirne eagarthóireachta na nuachtán áitiúil nó an radio áitiúil. Ní mór a aithint go ndéanann mórán nuachtán áitiúil freastal ionann cheana féin ar aon ábhar i nGaeilge nó i mBéarla a chuireann tuairisceoirí áitiúla ar fáil dóibh.

Creideann an Grúpa Stiúrtha go gcabhródh sé le lucht na meán áitiúil, chun neartú leis an ionannas freastail seo, na hÚdaráis a chur leaganacha dátheangacha ar fáil d'aon ráitis i nGaeilge nó i mBéarla a thuillfeadh poioblíocht dar leo, agus a gceapfaidís nár cheart neamhshuim a dhéanamh díobh.

Creideann an Grúpa Stiúrtha thairis sin gurbh fhearrde a chothófaí an mheanma pháirtíochta é a bheith de nós cuireadh a thabhairt do thuairisceoirí agus d'fhoireann eagarthóireachta ó na meáin áitiúla chun páirt a ghlacadh in imeachtaí Gaeilge, i gcúrsaí Gaeilge 7rl, a bheadh á n-eagrú do bhaill agus d'fhoireann Údaráis.

Ba mhaith leis an nGrúpa a iarraidh go mbeadh de pholasaf⁸ cinnte ag Údaráis a bhfuil ceantair Gaeltachta faoina réir méadú diaidh ar ndiaidh ar úsáid na Gaeilge i ngnóthaí Comhairle, agus neartú le socrutithe a dheimhneodh go dtabharfaí cothrom aitheantaí sna meáin áitiúla do ráitis i nGaeilge.

2.8 Úsáid Gaeilge leis an bpobal

2.8.1 Ainmneacha pearsanta agus rogha teanga

Molann an Grúpa Stiúrtha nach cóir sa phróiseas riarracháin athrú ar togradh a dhéanamh ar leaganacha d'ainmneacha pearsanta agus, thar aon rud eile, nach cóir d'fhoireann Údaráis na leaganacha Gaeilge d'ainmneacha baistí ná de shloinnte, nuair a bhaineann siad le baill den phobal, a athrú go dtí na leaganacha Béarla a shamhlófaí leo; ní cóir *Seán Ó Conaill* a chlaochlú go *John O'Connell*, ná a mhalaírt sin.

Ina dhiaidh sin, molann an Grúpa nach ceart d'fhoireann riarracháin tuairim a thabhairt, ar bhonn leaganacha sloinnte amháin, den rogha teanga a dhéanfadhl daoine. Níor ghá gurbh fhearr le *Seán Ó Conaill* gur i nGaeilge amháin a dhéanfaí cumarsáid leis; tharlódh go háirithe nár thoil leis go gcuirfí chuige foirmeacha aonteangacha Gaeilge nach mbeadh chomh paiteanta ná chomh hintuigthe lena macasamhla d'foirmeacha Bearla. I gcásanna nach bhfuil fógraí nó foirmeacha ar fáil i leaganacha dátheangacha, is cóir oiread agus is féidir, agus chomh fada agus is cuí, a rogha teanga a fhiafraí de bhaill an phobail.

2.8.2 Comhfhereagras

Molann an Grúpa go ndéanfadh Údaráis gach dícheall ar a dheimhniú gur i nGaeilge a leanfaí d'aon chomhfhereagras a bheadh tosaithe i nGaeilge ag baill den phobal.

Ina theannta sin, molann an Grúpa Stiúrtha gur cóir go ndeimhneodh na hÚdaráis go bpléifí go gnaíúil le daoine a dhéanfadh casaoid faoin teanga a úsáidfi leo.

2.8.3 Gaeilge i gcomhráite agus i ndeasghnátha

Molann an Grúpa go ndéanfadh na hÚdaráis gach iarracht ar thimpeallacht dhátheangach a chothú ar shlí go mbraitheadh idir chomhairleoirí agus foireann agus baill den phobal saor in aon ócáid chun Gaeilge a labhairt gan támailteacht.

Measann an Grúpa go gcuireann sé go mór lena leithéid de thimpeallacht fáilteoirí a bheith ábalta ainm an Údaráis a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla agus iad ag freagairt don teileafón, agus gur fearr fós é más féidir leo leanúint orthu i nGaeilge den chomhrá is gá ar a laghad chun an té a ghlaonn a chur i dteagmháil leis an duine ata á lorg. Molann an Grúpa dá bhrí sin go ndéanfadh Údaráis dícheall ar a dheimhniú go mbeadh an acmhainn sin Gaeilge ag teileafónaithe agus ag fáilteoirí, .i. é a bheith de chumas acu an tÚdarás a ainmniú agus leanúint ina dhiaidh sin de chomhrá gairid Gaeilge.

Molann an Grúpa go gcinnfeadh Údaráis ar ócáidí seasta labhartha, e.g. paidreacha poiblí, seoladh cruinnithe, clabhsúr cruinnithe, arbh í an Ghaeilge a úsáidfi go rialta chucu, ach an toil a bheith go háitiúil léi.

3 Eagar coiteann

3.1 Gnéithe den reachtaíocht agus den ghnáthamh

TÁ TREOIR faoi leaganacha Gaeilge de logainmneacha a úsáid ar shíneacha bóthair ar fáil sna *Rialachán um thrácht ar bhóithre (síneacha)* (leasú), 1988 (I.R. Uimh. 292, 1988) faoin *Acht um thrácht ar bhóithre*, 1961 (Uimh. 24).

Tá treoir faoi úsáid na Gaeilge ar phlátaí clárúcháin feithiclí ar fáil sna *Rialachán um fheithiclí bóthair (cláruí 7 ceadúnú)* (leasú), 1990 (I.R. Uimh. 287, 1990).

3.1.1 Síneacha ar ionaid spéise do thurasóirí

Is é an gnáthamh atá le leanúint agus síneacha á soláthar ar ionaid spéise do thurasóirí (agus feic § 2.1 thusas):

- Cuireann Bord Fáilte in iúl d'Údarás Áitiúil gur mian leo bealach ar leith, nó ceantar, nó ionad spéise a 'shíneáil'

NÓ

iarrann Údarás Áitiúil ar Bhord Fáilte a leithéid de thionscnamh a mheas.

- Aontaíonn an dá thaobh, agus leagann Bord Fáilte sonraí ginearálta na scéime amach.
- Toilfóonn an tÚdarás Áitiúil le na sonraí.

Ag an staid seo is cóir don Údarás Áitiúil a dheimhniú go leanfar gnáis faoi dhátheangachas agus gach riachtanas eile, agus go bhfuil siad sásta le gnéithe uile na scéime atá á beartú. Maidir leis sin de, ní mór ceann a thógáil de na treoracha a tugadh in imlitir PD 12/14 a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Meán Fómhair 1988.

- Leagann Bord Fáilte clár na scéime amach go mion, agus áireamh ann ar dhearadh na síneacha, ar na litreacha a bheidh le húsáid orthu, ar an scríbhinn a bheidh orthu, ar a lfon, agus ar a suíomh.

- Cuireann Bord Fáilte an scéim bheachtaithe faoi bhráid an Údaráis le faomhadh a fháil uirthi.

Is í seo an deis dheiridh a bheidh ag an Údarás ar a dheimhniú go mbeidh gach gné den scéim mar a theastódh uathu.

- Déanann Bord Fáilte conradh chun na síneacha a chur á ndéanamh sa chrot a aontaíodh. Is é Bord Fáilte a chinntíonn go gcomhlíonfar an conradh.

- Déanann Bord Fáilte na síneacha críochnaithe a sheachadadh ar an Údarás Áitiúil le cur suas. Is ar Bhord Fáilte a thiteann cúram na síneacha ina dhiaidh sin.

3.2 An Grúpa Stiúrtha

B'É AN tAire Comhshaoil i mí Iúil 1979 a thionscain an Grúpa Stiúrtha chun comhoib-riú le na hÚdaráis Áitiúla agus iad ag beartú ar shocruithe i gcomhair na Gaeilge. Is é an tAire a cheapann baill an Grúpa. Ó 1979 go 1994 ní raibh téarma ar leith le ceapacháin.

I 1994, dheimhnigh an tAire réim an Ghrúpa Stiúrtha agus shocraigh go neartófaí a n-eagraíocht agus go gcuirfí lena n-acmhainní:

- Tá buiséad ar leith ar fáilanois ag an nGrúpa agus ina theannta sin láthair dheimhnithe agus ball sainiúil foirne laistigh den Roinn Comhshaoil.
- Tá baill an Ghrúpa le ceapadh go ceann tréimhse seasta: cúig bliana don Chathaoirleach agus trí bliana do bhaill eile.
- Mar a moladh sna *Moltai* roimhe seo, tá ball den Ghrúpa ainmnithe ina Oifigeach Caidrimh.

3.2.1 Baill an Ghrúpa Stiúrtha faoi láthair

Tá na baill seo a leanas ceaptha ag an Aire Comhshaoil don tréimhse dár túis i Meán Fómhair 1995 (dáta céad cheapacháin idir lúibíní):

CATHAOIRLEACH 1995–2000: Máirtín Ó Murchú (1983), Scoil an Léinn Cheiltigh

LEAS-CHATHAOIRLEACH 1995–98: Riobard Mac Góráin (1979), Gael-Linn

OIFIGEACH CAIDRIMH 1995–98: Proinnsias de Priondargáist (1983), Bardas Luimnigh

BAILL 1995–98: Brendan Aherne (1990), Roinn Comhshaoil; Antóin Mac Cionnaith (1979), Tiobraid Árann, Trian Thuaidh; Seamus McConville (1987), *Kerryman*; Seán Mac Fhionnlaoich (1990), Tiobraid Árann, Trian Thuaidh; Mícheál Mac Giolla Eoin (1995), Dún na nGall; Fionnbarr Ó Callanáin (1979), Cumann na nInnealtóirí; Roibeard Ó Ceallaigh (1995), An Mhí; Dónal Ó Donnnchú (1995), Contae na Gaillimhe; Peadar Ó Flatharta (1995), Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge; Phyllis O'Halloran (1995), Contae Luimnigh; Seán Ó h-Uigín (1991), Corcaigh (~ Luimneach); Dónal Ó Néill (1987), IMPACT; Séamus Puirséil (1995), Bord na Gaeilge; Aileen Pyne (1995), Contae Chorcaí. RÚNAÍ: Dominic Ó Briain (1993)

OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN: Conor Ó Raghallaigh (1994)

OIFIGEACH BHORD NA GAEILGE: Éamonn Ó hArgáin (1993)

3.2.2 Athbháill

Tá na daoine seo a leanas tar éis a bheith ina mbaill den Ghrúpa Stiúrtha san am atá thart: J. Behan (1985–86), rúnaí; T. Bellew (1979–83), Lú; M. Boyce (1982–90), Ceatharlach; B. Breathnach (1979–85), Roinn Comhshaoil; Noel Dillon (1979–95), Corcaigh (~ Loch Garman); J. Doyle (1986–91), rúnaí; R. Haslam (1979–84), Luimneach; S. Keating (1979–81), Gaillimh; E. Kenny (1983–88), Maigh Eo; J. Kirwan (1991–93), rúnaí; S. McManus (1979–83), Cumann Bailte-Chomhairle in Éirinn; F. Matthews (1986–90), Roinn Comhshaoil; V. Millar (1981–87), LGPSU; F. Moloney

(1979–90), Dún na nGall; G. Ó Broin (1981–84), rúnaí; M. O'Callaghan (1979–87), *Roscommon Herald*; N. Ó Conchubhair (1979–83), Gaillimh; Pádraig S. Ó Donghaile (1979–95), Cill Chainnigh; Mícheál Ó Gruagáin (1981–93), Oifigeach Bhord na Gaeilge; P. Ó Muirgheasa (1984–90), Baile Átha Cliath; L. Ó Murchú (1979–82), Bord na Gaeilge; Mícheál Ó Núnáin (1991–94), An Clár; J. Ryan (1979–81), rúnaí; T. Troy (1979–85), Roinn Comhshaoil.

3.3 Comhdhála bliantúla (seimineáir)

LE TACAÍOCHT Bhord na Gaeilge, agus faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, thionólí an Grúpa Stiúrtha na comhdhála comhairleacha, nó seimineáir, seo a leanas:

BLIAIN	DÁTA	IONAD	aoi-chainteoir
1981	15–16 Bealt.	An Cheathrú Rua	—
1982	21–22 Bealt.	Baile an Fheirtéaraigh	John Hume MEP
1983	20–21 Bealt.	Baile an Fheirtéaraigh	A Oir. E. J. Benson
1984	19–20 DF	An Cheathrú Rua	Dafydd Orwig
1987	25–27 MF	Gaoth Dobhair	John Hume MEP
1988	30 MF–1 DF	Cathair na Mart	Richard Haslam
1989	29–30 MF	Gaoth Dobhair	Éamon de Buitléir, Seanadóir
1990	28–29 MF	Gaoth Dobhair	Mary Finan
1991	27–28 MF	Gaoth Dobhair	Dr P. Ó Muircheartaigh
1992	2–3 DF	Gaoth Dobhair	An tOllamh D. Ó Corráin
1993	1–2 DF	Gaoth Dobhair	An tOllamh G. Ó Tuathaigh
1994	30 MF–1 DF	Gaoth Dobhair	Dr Miquel Strúbell
1995	29–30 MF	Gaoth Dobhair	Dr Christopher McGimpsey

4 TAGAIRTÍ

An Coimisiún Logainmneacha. *Na leaganacha Gaeilge d'ainmneacha sráideanna, bóithre agus eastát: treoirlínte* (Baile Átha Cliath 1992).

—. *The placenames of Ireland in the third millennium* ([Dublin] 1992).

Bord na Gaeilge. *Leathnú an dátheangachais i sochaí na hÉireann: treoirlínte don earnáil phoiblí do chláracha gníomhaíochta* ([Baile Átha Cliath 1993]).

Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordánáis. *Gazetteer of Ireland / Gasaitéar na hÉireann* (Baile Átha Cliath 1989).

Mac Mathúna, L. *Ár dtimpeallacht logainmneacha inniu agus amárach* (Baile Átha Cliath 1990).